
# An Bord Éan



Rinne Daidí bord éan. Chuir sé sa **ghairdín cúil** é. Tháinig a lán éan go dtí an bord. Tháinig an **gealbhan.** D'ith sé **blúirí aráin** a bhí ar an mbord. **D'eitil sé** ar ais go dtí an sceach. Ansin tháinig **an druid.** D'ith sé blúirí aráin freisin. D'imigh sé ansin mar tháinig préachán mór. Bhí an **lon dubh** ar an talamh faoin mbord. Bhí gob buí air. **Is maith** leis na páistí an **smólach.** Bhí sé ag lorg **péisteanna** sa talamh. Chonaic na páistí **spideog** ar an mballa.

**Foclóir:**

| | |
|---|---|
| **gealbhan,** sparrow | **gob,** beak |
| **blúirí aráin,** breadcrumbs | **smólach,** thrush |
| **sceach,** bush | **péisteanna,** worms |
| **druid,** starling | **spideog,** robin |
| **lon dubh,** blackbird | |

**A. Líon isteach na bearnaí:**
rin—e, an fhuin—eog, gea—bhan, sce—ch, bl—irí.

**B. Líon isteach na bearnaí:**
1. Rinne — bord éan.
2. Chonaic siad a lán éan ag teacht go dtí — —.
3. D'ith sé blúirí — a bhí ar an mbord.
4. Bhí an lon dubh ar an — faoin mbord.
5. Chonaic na páistí — ar an mballa.

**C. Scríobh amach an freagra ceart:**
1. Cad a rinne Daidí?
   — císte.
   — bord éan.
   — bosca.
2. Cá raibh an lon dubh?
   — ar an bhfuinneog.
   — ar an gcrann.
   — ar an talamh faoin mbord.
3. Céard a chonaic na páistí ar an mballa?
   — druid.
   — spideog.
   — gealbhan.

**D. Freagair na ceisteanna:**
1. Cár chuir Daidí an bord éan?
2. Cad a chonaic na páistí?
3. Cé a tháinig go dtí an bord éan?
4. Cad a d'ith an gealbhan?
5. Céard a d'ith an druid?
6. Cad a bhí ar siúl ag an smólach?

**Gramadach 28**

(i) **Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Léigh mé leabhar inné. **Ba mhaith liom** an leabhar sin.
1. Chonaic sé an smólach inné. Ba — — an smólach sin.
2. Chonaiceamar bláthanna inné. Ba — — na bláthanna sin.
3. Chonaic Íde gúna deas inné. Ba — — an gúna sin.

(ii) **Foghlaim:**

| | |
|---|---|
| romham | romhainn |
| romhat | romhaibh |
| roimhe | rompu |
| roimpi | |

**Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Nuair a tháinig Íde isteach chuir mé fáilte **roimpi.**
1. Nuair a tháinig na páistí isteach chuir mé fáilte —.
2. Nuair a thángamar isteach chuir an múinteoir fáilte —.
3. Nuair a tháinig Tomás isteach chuir mé fáilte —.
4. Nuair a tháinig tú féin agus Íde isteach chuir mé fáilte —.